FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

# CLEACHTAÍ CAINTE
# AG LORG MOLTAÍ

## Aidhm

Cleachtadh cainte:

Ag lorg moltaí ó fhoghlaimeoirí eile maidir le topaicí éagsúla atá spéisiúil dóibh.

## Treoir

Réitigh bileog / cártaí ar a bhfuil topaicí éagsúla (sampla thíos). Iarr ar na foghlaimeoirí siúl timpeall an ranga ag bualadh le daoine éagsúla agus moltaí a iarraidh orthu maidir le hábhair éagsúla a mheasann tú a bheadh spreagúil dóibh.

## Sampla

- Táim ag iarraidh féachaint ar chlár maith teilifíse anocht. An bhfuil moladh agat dom?
- Táim ag iarraidh dul as baile i gcomhair deireadh seachtaine. An bhfuil moladh agat dom?
- Ba mhaith liom dul amach le mo chara ag an deireadh seachtaine. An bhfuil moladh agat dom?
- Is fada an lá ó léigh mé leabhar! An bhfuil moladh agat dom?

## Forbairt / Nótaí

Is féidir iarraidh ar na foghlaimeoirí a gcuid topaicí féin a chumadh roimh ré. Iarr ar gach duine moladh atá uathu a scríobh ar phíosa páipéir agus ansin siúl timpeall ag lorg moltaí ó dhaoine éagsúla sa rang agus ag tabhairt moltaí dóibhsean chomh maith.